



2025/2520

16.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2520 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Nollaig 2025

lena mbunaítear bearta chun bunú agus leathadh *Aromia bungii* (Faldermann) laistigh de chríoch an Aontais a chosc agus maidir le bearta chun an lotnaid sin a dhíothú agus a shrianadh laistigh de limistéir chríochaithe áirithe agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1503

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 28(1), pointí (a) go (f), agus (2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1503 ón gCoimisiún⁽²⁾, bunaítear bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach san Aontas *Aromia bungii* (Faldermann) ('an lotnaid shonraithe') agus ar a leathadh laistigh de. Is lotnaid an-díobhálach í do speicis plandaí *Prunus* i gcríoch an Aontais.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún⁽³⁾, i gCuid B d'Iarscríbhinn II, leagtar síos an liosta lotnaidí coraintín de chuid an Aontais is eol a bheith ann i gcríoch an Aontais.
- (3) Liostaítear an lotnaid shonraithe i gCuid B d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, mar lotnaid arb eol í a bheith i gcodanna áirithe de chríoch an Aontais. Liostaítear í mar lotnaid tosaíochta freisin san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1702 ón gCoimisiún⁽⁴⁾.
- (4) Plandaí óstacha, a bhfuarthas amach cheana go bhfuil siad inmhíolaithe leis an lotnaid shonraithe i gcríoch an Aontais, is iad is dóichí a rannchuideoidh lena leathadh ('plandaí sonraithe'). Ba cheart iad a bheith faoi réir suirbhéanna bliantúla agus bearta áirithe chun iad a dhíothú nó a shrianadh, de réir mar is infheidhme, sna limistéir chríochaithe.
- (5) I bhfianaise gur aimsíodh an lotnaid shonraithe i gcríoch an Aontais, ba cheart liosta na bplandaí sonraithe a leathnú chun gach speiceas *Prunus* a chumhdach agus níor cheart *Prunus laurocerasus* a eisiámh a thuilleadh.
- (6) Chun luathbhrath agus díothú na lotnaide sonraithe a áirithiú i gcríoch an Aontais, i gcás nach eol gurb ann don lotnaid shonraithe, ba cheart do na Ballstáit suirbhéanna bliantúla a dhéanamh. Ba cheart na plandaí sonraithe uile a chumhdach leo, chun a bheith chomh héifeachtach agus ab fhéidir. Ba cheart go mbeidh na suirbhéanna sin bunaithe ar threoirleite ginearálta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') maidir le suirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fóna ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca⁽⁵⁾.

⁽¹⁾ IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj>.

⁽²⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1503 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2018 lena mbunaítear bearta chun cosc a chur ar thabhairt isteach san Aontas *Aromia bungii* (Faldermann) ar a leathadh laistigh de (IO L 254, 10.10.2018, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/1503/oj).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coiníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta in aghaidh lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2072/oj).

⁽⁴⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1702 ón gCoimisiún an 1 Lúnasa 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí liosta na lotnaidí tosaíochta a bhunú, (IO L 260, 11.10.2019, lch. 8; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/1702/oj).

⁽⁵⁾ EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), General guidelines for statistically sound and risk-based surveys of plant pests [Treoirleite ginearálta maidir le suirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fóna ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca], an 8 Meán Fómhair 2020, DOI:10.2903/sp.efsa.2020.EN-1919.

- (7) Féadfar plandaí sonraithe a úsáid chun an lotnaid shonraithe a mhealladh agus ar an gcaoi sin teorainn a chur lena láithreach i gcás ina n-aimsítear í.
- (8) Thairis sin, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031, ní mór do gach Ballstát plean teagmhach a tharraingt suas agus a choinneáil cothrom le dáta le haghaidh gach ceann de na lotnaidí tosaíochta a d'fhéadfadh teacht isteach agus a bheith bunaithe ina chríoch. Ar bhonn na taithí ó ráigeanna roimhe seo, is gá rialacha sonracha a ghlacadh lena gcuirtear Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/2031 chun feidhme chun plean teagmhais cuimsitheach a tharraingt suas i gcás ina mbraitear an lotnaid shonraithe san Aontas.
- (9) Chun leathadh na lotnaide sonraithe i gcríoch an Aontais a chosc agus aird á tabhairt ar a hacmhainneacht leata, ba cheart go mbeidh criosanna maolánaigh 2 km ar leithead ar a laghad ann thar theorainneacha an chreasa inmhiolaithe.
- (10) Chun a áirithiú go gcuirfear bearta díothaithe i bhfeidhm láithreach agus chun leathadh breise na lotnaide sonraithe chuig an gcuid eile de chríoch an Aontais a chosc, is gá rialacha a leagan amach maidir le suirbhéanna bliantúla ar na limistéir chríochaithe. Ba cheart na rialacha sin a bheith bunaithe ar Threoirlínte ginearálta an Údarais Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (an tÚdarás) maidir le suirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fóna ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca, chun oiriúnú don fhianaise eolaíoch agus theicniúil is cothrom le dáta.
- (11) Chun freagairt chomhréireach a áirithiú ar an riosca fiteashláintíochta, is gá rialacha a leagan amach maidir le méid na limistéir chríochaithe a laghdú, maoluithe ar a mbunú agus a ndíothú. Ba cheart coinníollacha sonracha a leagan amach chun na rialacha agus na maoluithe sin a chur i bhfeidhm, chun a áirithiú nach leathfaidh an lotnaid shonraithe go dtí an chuid eile de chríoch an Aontais.
- (12) I gcásanna aonair ina n-aimsítear an lotnaid shonraithe i gcríoch an Aontais, níor cheart é a bheith riachtanach limistéir chríochaithe a bhunú más féidir an lotnaid shonraithe a dhíothú i ndáil leis na plandaí lena mbaineann, agus má tá fianaise ann gur inmhiolaíodh na plandaí sin sular tugadh isteach sa limistéir iad, nó gur cás a aimsíodh, nach bhfuil coinne leis go mbunófar an lotnaid dá bharr. Is é sin an cur chuige is comhréirí, a fhad is a dheimhniú na suirbhéanna a dhéantar sa limistéir lena mbaineann nach ann don lotnaid shonraithe. Mar sin féin, i gcásanna an-sonrach inar féidir teacht chun cinn agus leathadh na lotnaide sonraithe a eisiáil go cinnte agus ina meastar gur diomaibhseach an riosca lena mbaineann, níl údar leis an bhfaireachas sin agus, dá bhrí sin, níor cheart ceangal a bheith ann é a dhéanamh.
- (13) I limistéir áirithe de chríoch an Aontais, ní féidir an lotnaid shonraithe a dhíothú a thuilleadh. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit lena mbaineann bearta a chur i bhfeidhm chun an lotnaid sin a imshrianadh laistigh de na limistéir sin, seachas iad a dhíothú.
- (14) Níor cheart na bearta sna limistéir chríochaithe a bheith chomh dian céanna leis na bearta díothaithe, ach ba cheart cur chuige suirbhé dícheallach a áirithiú leo mar aon le gníomhaíochtaí réamhchúraim, go príomha sna criosanna maolánacha faoi seach, chun leathadh na lotnaide sonraithe chuig an gcuid eile de chríoch an Aontais a chosc.
- (15) Toisc nach bhfuil na bearta a bhaineann leis na limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh chomh dian céanna leis na bearta sna limistéir chríochaithe a bhfuil díothú le déanamh iontu, ba cheart leithead an chreasa mhaolánaigh a mhéadú go 4 km ar a laghad chun a áirithiú nach leathfaidh an lotnaid shonraithe lasmuigh de na limistéir chríochaithe sin.
- (16) Ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir le gach limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh a bhfuil sé beartaithe acu é a ainmniú nó a mhodhnú, ionas go bhféadfaidh an Coimisiún forléargas a fháil ar leathadh na lotnaide sonraithe i gcríoch an Aontais, agus ionas go mbeidh sé in ann an limistéir sin a áireamh i liosta de limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh.
- (17) Chun a áirithiú go mbainfear láithreach na plandaí inmhiolaithe agus go gcuirfear cosc ar leathadh breise na lotnaide sonraithe chuig an gcuid eile de chríoch an Aontais, ba cheart na suirbhéanna ar na criosanna maolánacha a dhéanamh go bliantúil ag an tráth is iomchuí den bhliain agus ba cheart iad a dhéanamh le déine leordhóthanach, ag cur san áireamh go bhféadfaidh na húdaráis inniúla faireachán breise a dhéanamh ar na plandaí sonraithe sna criosanna inmhiolaithe le haghaidh imshrianadh.
- (18) Chun leathadh féideartha na lotnaide sonraithe lasmuigh de limistéir chríochaithe a chosc, ba cheart déine na suirbhéanna timpeall na láithreacha táirgthe sna limistéir chríochaithe a bheith níos déine ná sa chuid eile de na limistéir sin.

- (19) Na bearta atá i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1503 maidir leis na plandaí sonraithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus a ngluaiseacht laistigh di, áirítear iad in Iarscríbhinní VII agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072. Ba cheart na ceanglais a bhaineann le suirbhéanna, díothú agus srianadh na lotnaide sonraithe a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031 agus ba cheart bearta an Rialacháin seo a chur ina n-ionad.
- (20) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1503 a aisghairm.
- (21) Ba cheart feidhm a bheith ag forálacha an Rialacháin seo a bhaineann le suirbhéanna ar bhonn Chárta Suirbhé Lotnaidí an Údaráis ar *Aromia bungii* ⁽⁶⁾ agus Treoirlínte ginearálta an Údaráis maidir le suirbhéanna atá fóna ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca ⁽⁷⁾ ón 1 Eanáir 2027, chun am leordhóthanach a thabhairt do na húdaráis inniúla acmhainní leordhóthanacha a phleanáil, a ullmhú agus a leithdháileadh le haghaidh suirbhéanna den sórt sin.
- (22) Ba cheart tuairisciú na suirbhéanna i limistéir chríochaithe a dhéanamh ar bhealach aonfhoirmeach chun comhsheasmhacht agus comhchuibhiú a áirithiú agus, dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le teimpléad sonrach.
- (23) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

ÁBHAR AGUS SAINMHÍNITHE

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar amach sa Rialachán seo bearta chun cosc a chur le bunú agus leathadh *Aromia bungii* (Faldermann) i gcríoch an Aontais, bearta maidir lena dhíothú má aimsítear é sa chríoch sin, agus bearta maidir lena imshrianadh mura féidir é a dhíothú a thuilleadh.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘lotnaid shonraithe’ *Aromia bungii* (Faldermann);
- (2) ciallaíonn ‘plandaí sonraithe’ plandaí le haghaidh plandú, seachas síolta, a bhfuil trastomhas an ghais nó trastomhas choiléar na bhfréamhacha 1 cm nó níos mó acu ag an bpointe is tibhe, de *Prunus* spp;
- (3) ciallaíonn ‘plandaí táscacha’ plandaí sonraithe atá plandaithe go sonrach chun tacú le luathbhrath na lotnaide sonraithe agus a úsáidtear chun suirbhéanna a dhéanamh;
- (4) ciallaíonn ‘adhmad sonraithe agus ábhar pacáistíochta adhmaid sonraithe’ adhmaid agus ábhar pacáistíochta adhmaid de *Prunus* spp.;
- (5) ciallaíonn ‘limistéar chríochaithe le haghaidh imshrianadh’ limistéar nach féidir an lotnaid shonraithe a dhíothú ann agus a liostaítear in Iarscríbhinn I.

⁽⁶⁾ EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), de la Peña E, Schrader G agus Vos S, 2021. Cáta suirbhé lotnaide ar *Aromia bungii*. Foilseachán tacaíochta EFSA 2021:EN-6914. Le fáil ar líne: <https://efsa.europa.eu/plants/planthealth/monitoring/surveillance/aromia-bungii>. An nuashonrú is nuaf: an 26 Eanáir 2021.

⁽⁷⁾ EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), *General guidelines for statistically sound and risk-based surveys of plant pests* [Treoirlínte ginearálta maidir le suirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fóna ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca], an 8 Meán Fómhair 2020, DOI:10.2903/sp.efsa.2020.EN-1919.

CAIBIDIL II

SUIRBHÉANNA BLIANTÚLA AR AN LOTNAID SHONRAITHE I gCRÍOCH AN AONTAIS AGUS PLEANANNA
TEAGMHASACHA

Airteagal 3

Suirbhéanna ar chríoch an Aontais lasmuigh de limistéir chríochnaithe

1. Déanfaidh údaráis inniúla suirbhéanna rioscabhunaithe bliantúla ar na plandaí sonraithe i limistéir a gcríoch nach eol go bhfuil an lotnaid shonraithe ann chun a fháil amach an ann don lotnaid sin.
2. Le scéim deartha agus samplála na suirbhéanna sin, beifear in ann leibhéal íseal láithreachta plandaí inmhiolaithe a bhrath laistigh den Bhallstát lena mbaineann le leibhéal leordhóthanach muiníne.

Beidh siad bunaithe ar Threoirlínte ginearálta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') do shuirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fóna ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca.

3. Déanfar na suirbhéanna:
 - (a) ar bhonn leibhéal an riosca fiteashláintíochta lena mbaineann;
 - (b) i limistéir faoin aer, i limistéir nádúrtha agus uirbeacha, agus i bplandlanna, ionaid gharraíodóireachta, ionaid trádála, muilte sábhadóireachta crua-adhmaid, suíomhanna ina stóráiltear nó ina dtrádáiltear tráchtearraí a bhaineann le hábhair phacáistíochta adhmaid, agus láithreáin ábhartha eile, de réir mar is iomchuí;
 - (c) ag tráthanna iomchuí den bhliain maidir leis an bhféidearthacht an lotnaid shonraithe a bhrath, agus bitheolaíocht na lotnaide sin, láithreachta agus bitheolaíocht na bplandaí sonraithe, agus an fhaisnéis eolaíoch agus theicniúil dá dtagraítear i gCárta Suirbhé Lotnaidí an Údaráis ar *Aromia bungii* á gcur san áireamh.
4. Is éard a bheidh sna suirbhéanna:
 - (a) scrúdú amhairc ar phlandaí sonraithe;
 - (b) i gcás inarb iomchuí, samplaí a ghaistiú agus a bhailiú agus tástáil.

D'fhonn comhlánú a dhéanamh ar scrúduithe amhairc, féadfar madraí bolaíochta atá oilte go sonrach a úsáid, i gcás inarb iomchuí.

Airteagal 4

Pleananna teagmhais

Déanfaidh gach Ballstát foráil maidir leis an méid seo a leanas ina phlean teagmhach, mar a fhoráiltear in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2016/2031:

- (a) an lotnaid shonraithe a dhíothú, mar a leagtar amach in Airteagal 9;
- (b) na hacmhainní is gá atá le cur ar fáil agus na nósanna imeachta chun na hacmhainní sin a chur ar fáil i gcás ina ndeimhneofar go bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair nó i gcás ina bhfuil amhras ann go bhfuil sí i láthair;
- (c) nósanna imeachta chun úinéirí na bplandaí atá le baint a shainaithint, fógra a thabhairt faoin ordú um baint agus rochtain a fháil ar mhaoin phríobháideach, i gcás ina bhfuil bearta le cur i bhfeidhm i gcás ina mbraitear an lotnaid shonraithe.

Déanfaidh na Ballstáit a bpleananna teagmhacha a thabhairt cothrom le dáta gach bliain, de réir mar is iomchuí.

CAIBIDIL III

LIMISTÉIR CHRÍOCHAITHE

Airteagal 5

Limistéir chríochaithe a bhunú

1. I gcás ina ndeimhnítear láithreach na lotnaide sonraithe go hoifigiúil, bunóidh an Ballstát lena mbaineann limistéar chríochaithe gan mhoill chun críche an lotnaid shonraithe a dhíothú.
2. Tar éis deimhniú oifigiúil a fháil maidir le láithreach na lotnaide sonraithe agus bunú an limistéir chríochaithe dá dtagraítear i mír 1, cinntí na húdaráis inniúla, gan mhoill, leibhéal an inmhlóilaithe trí shuirbhé teorannaithe.
3. Nuair a thagann an t-údarás inniúil ar an gconclúid, ar bhonn thorthaí an tsuirbhé dá dtagraítear in Airteagal 3, ar feadh 4 bliana as a chéile ar a laghad, gurb amhlaidh, de bharr leibhéal an inmhlóilaithe leis an lotnaid shonraithe, nach féidir í a dhíothú, féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh an córas a athrú go srianadh. I gcásanna den sórt sin, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra láithreach don Choimisiún faoi mhionsonraí an limistéir chríochaithe nua le haghaidh imshrianadh a bhfuil sé beartaithe aige a ainmniú nó a mhodhnú, chun go n-áireofar an limistéar sin ar liosta na limistéar chríochaithe le haghaidh imshrianadh in Iarscríbhinn I.
4. Is é a bheidh sna limistéir chríochnaithe na nithe seo a leanas:
 - (a) crios ina bhfuil na plandaí inmhlóilaithe agus na plandaí sonraithe uile a d'fhéadfadh a bheith inmhlóilaithe laistigh de gha 100 m timpeall ar phlandaí inmhlóilaithe ('crios inmhlóilaithe');
 - (b) crios maolánach:
 - (i) atá 2 km ar a laghad ar leithead thar theorainn an chreasa inmhlóilaithe i gcás limistéar chríochaithe chun an lotnaid shonraithe a dhíothú;
 - (ii) atá 4 km ar a laghad ar leithead thar theorainn an chreasa inmhlóilaithe i gcás limistéar chríochaithe le haghaidh imshrianadh.
5. Beidh teorannú an limistéir chríochaithe bunaithe ar an méid seo a leanas:
 - (a) na prionsabail eolaíocha, bitheolaíocht na lotnaide sonraithe, leibhéal an inmhlóilaithe, dáileadh sonrach na bplandaí óstacha sa limistéar lena mbaineann agus an fhianaise maidir le bunú na lotnaide sonraithe ann;
 - (b) suirbhé um theorannú, a mbeidh dearadh agus scéim samplála aige lena mbeifear in ann láithreach 1 % de phlandaí inmhlóilaithe a bhrath le leibhéal muiníne 95 %;
 - (c) Treoirínte an Údaráis do shuirbhéanna maidir le suirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fóna ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca.
6. Chun na bearta díothaithe dá dtagraítear in Airteagal 9 a dhéanamh, féadfar leithead an chreasa mhaolánaigh a laghdú go leithead nach lú ná 1 km i gcás ina measann an t-údarás inniúil gur féidir an lotnaid shonraithe a dhíothú, agus cúinsí na ráige á gcur san áireamh, amhail a méid agus a suíomh, leibhéal an inmhlóilaithe nó líon agus dáileadh na bplandaí sonraithe.

I gcás limistéar chríochnaithe le haghaidh imshrianadh, féadfar leithead an chreasa mhaolánaigh a laghdú go leithead nach lú ná 2 km i gcás ina measann an t-údarás inniúil go bhfuil an t-achar sin oiriúnach chun an lotnaid shonraithe a imshrianadh, agus cúinsí na ráige á gcur san áireamh, amhail a méid agus a suíomh, leibhéal an inmhlóilaithe nó líon agus dáileadh na bplandaí sonraithe.

Laistigh de na limistéir chríochaithe, áiritheoidh na húdaráis inniúla go mbeidh an pobal i gcoitinne agus oibreoirí gairmiúla ar an eolas faoi theorannú na limistéar chríochaithe.

Airteagal 6

Maoluithe ar bhunú limistéar críochaithe

1. De mhaolú ar Airteagal 5, féadfaidh an t-údarás inniúil rogha a dhéanamh gan limistéar críochaithe a bhunú, má tá fianaise ann:
 - (a) gur tugadh an lotnaid shonraithe isteach sa limistéar leis na plandaí, leis an adhmaid nó leis an ábhar pacáistíochta adhmaid ar a bhfuarthas í, agus go raibh na plandaí, adhmaid nó ábhar pacáistíochta adhmaid sin inmhiolaithe sular tugadh isteach sa limistéar lena mbaineann iad agus nár iolraigh an lotnaid shonraithe nó gur cás aonair é, nach bhfuil coinne leis go mbunófar í; agus
 - (b) nach bhfuil an lotnaid shonraithe bunaithe agus nach féidir an lotnaid shonraithe a leathadh agus a phórú ar bhealach rathúil mar gheall ar a bitheolaíocht, ar bhonn torthaí imscrúdaithe shonraigh agus ar bhonn bearta díothaithe a rinneadh.
2. I gcás ina n-úsáideann an t-údarás inniúil an maolú dá bhforáiltear i mír 1, déanfaidh sé an méid seo a leanas:
 - (a) bearta chun díothú pras na lotnaide sonraithe a áirithiú agus chun an fhéidearthacht go leathfadh sí a chosc;
 - (b) le linn saolré amháin ar a laghad den lotnaid shonraithe móide bliain bhreise amháin, agus nach lú ná ceithre bliana as a chéile, déanfaidh sé faireachán ar leithead 1 km ar a laghad timpeall ar na plandaí inmhiolaithe nó ar an áit inar aimsíodh an lotnaid shonraithe, go rialta agus go dian, i gcomhréir le hAirteagal 3, le linn chéad tréimhse eitlete na lotnaide sonraithe ar a laghad;
 - (c) tionscnamh an inmhiolaithe a rianú siar, agus scrúdú á dhéanamh ar na plandaí sonraithe, ar adhmaid sonraithe nó ar ábhar pacáistíochta adhmaid le haghaidh aon chomhartha inmhiolaithe, lena n-áirítear trí shampláil scriosach spriocdhírith, chun fáil réidh le larbhaí;
 - (d) feacht an phobail a mhúscailt maidir leis an mbagairt a bhaineann leis an lotnaid shonraithe; agus
 - (e) aon bheart eile a d'fhéadfadh cuidiú leis an lotnaid shonraithe a dhíothú, i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fiteashláintíochta ('CIBF') Uimh. 9 ⁽⁸⁾ agus cur chuige comhtháite á chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in CIBF Uimh. 14 ⁽⁹⁾.

Ní bheidh feidhm ag pointe (b) de mhír 2 i gcásanna inar féidir láithreach nó teacht chun cinn aosaigh na lotnaide sonraithe sa phlanda sonraithe, adhmaid sonraithe nó ábhar pacáistíochta adhmaid sonraithe a eisiamh go haonchiallach agus inar cuireadh na cúiseanna leis an gconclúid sin in iúl don Choimisiún i scríbhinn.

Airteagal 7

Deireadh a chur leis an limistéar críochaithe

Féadfar deireadh a chur le limistéar críochaithe nuair nach mbraitear an lotnaid shonraithe sa limistéar críochaithe ar feadh 4 bliana as a chéile ar a laghad, ar bhonn na suirbhéanna dá bhforáiltear in Airteagal 8.

Féadfar deireadh a chur leis an gcríochú freisin i gcásanna ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 6(1).

Airteagal 8

Suirbhéanna bliantúla i limistéir chríochaithe agus cigireachtaí ar phlandaí táscacha

1. Sna limistéir chríochaithe, déanfaidh na húdaráis inniúla diansuirbhéanna bliantúla ar na plandaí sonraithe, dá dtagraítear in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, chun láithreach na lotnaide sonraithe a bhrath agus an fhaisnéis dá dtagraítear sa chárta suirbhé lotnaidí ar *Aromia bungii* á cur san áireamh agus i gcomhréir le míreanna 2 go 5 den Airteagal seo.

⁽⁸⁾ *Guidelines for pest eradication programmes* — Caighdeán Tagartha CIBF Uimh. 9 de chuid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí, an Róimh.

⁽⁹⁾ *The use of integrated measures in a systems approach for pest risk management* — Caighdeán Tagartha CIBF Uimh. 14 de chuid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí, an Róimh.

2. Déanfar na suirbhéanna i gcomhréir le hAirteagal 3(3) agus (4) chun láithreach na lotnaide sonraithe a bhrath.

D'fhonn comhlánú a dhéanamh ar scrúduithe amhairc, féadfar crainn tháscacha a úsáid, i gcás inarb iomchuí.

Ina theannta sin, déanfaidh an comhlacht oifigiúil freagrach sampláil scríosach spriocdhírthe, i gcás inarb iomchuí.

3. Cuirfear san áireamh i ndearadh an tsuirbhé Treoirlínte ginearálta an Údaráis do shuirbhéanna atá fóna ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca agus le dearadh an tsuirbhé agus an scéim samplála a úsáidtear le haghaidh suirbhéanna braite beifear in ann láithreach 1 % den lotnaid shonraithe a shainaithint le leibhéal muiníne 95 % ar a laghad.

4. I gcásanna ina n-úsáidtear plandaí táscacha, beidh na plandaí sin faoi réir cigireachtaí uair sa mhí ar a laghad le linn an tséasúir eitilte. Déanfar na plandaí sin a scríosadh agus déanfar imscrúdú orthu, ar a dhéanaí, sula mbeidh an lotnaid shonraithe in ann saolré iomlán amháin a chur i gcrích sa limistéar den Bhallstát lena mbaineann.

5. Cuirfear torthaí na suirbhéanna a dhéanfar de bhun an Airteagail seo faoi bhráid an Choimisiúin trí bhíthin ceann de na teimpléid dá dtagraítear in Iarscríbhinn II.

CAIBIDIL IV

BEARTA DÍOTHAITHE AGUS IMSHRIANTA

Airteagal 9

Bearta díothaithe

1. Chun an lotnaid shonraithe a dhíothú, déanfaidh na húdaráis inniúla na bearta seo a leanas sna criosanna inmhíolaithe:

- (a) plandaí inmhíolaithe agus plandaí a bhfuil siomptóim orthu arb í an lotnaid shonraithe is cúis leo a leagan láithreach, agus a bhfréamhacha a bhaint go hiomlán má fheictear gailearaithe larbhaí faoi bhun choiléar na bhfréamhacha ar an bplanda inmhíolaithe;
- (b) na plandaí sonraithe uile a leagan laistigh de gha 100 m ar a laghad timpeall ar phlandaí inmhíolaithe agus scrúdú a dhéanamh ar na plandaí sonraithe sin le haghaidh aon chomharthaí inmhíolaithe;
- (c) plandaí a leagadh i gcomhréir le pointí (a) agus (b) a bhaint, a scrúdú agus a dhiúscairt go sábháilte, agus gach réamhchúram is gá a dhéanamh chun leathadh na lotnaide sonraithe a sheachaint le linn an leagain agus dá éis;
- (d) an t-adhmad agus an t-ábhar pacáistíochta adhmaid a bhaineann leis an inmhíolú a bhaint, a scrúdú agus a dhiúscairt go sábháilte, agus gach réamhchúram is gá a ghlacadh chun leathadh na lotnaide sonraithe a sheachaint le linn an leagain agus dá éis;
- (e) toirmeasc a chur ar aon ghluaiseacht plandaí, adhmaid agus ábhair pacáistíochta adhmaid a d'fhéadfadh a bheith inmhíolaithe amach as an limistéar críochaithe;
- (f) imscrúdú ar thionscnamh an inmhíolaithe trí na plandaí, adhmaid, ábhar pacáistíochta adhmaid agus réada eile a bhaineann leis an inmhíolú a rianú, agus scrúdú a dhéanamh orthu sin le haghaidh aon chomhartha inmhíolaithe, lena n-áirítear sampláil scríosach spriocdhírthe;
- (g) speicis plandaí neamh-shoghabhálacha eile a chur in ionad plandaí sonraithe, i gcás inarb iomchuí;
- (h) toirmeasc a chur ar láithreach plandaí sonraithe nua faoin aer sa limistéar dá dtagraítear i bpointe (b), seachas i gcás:
 - na láithreacha táirgthe dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII, lch. 17.4, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, agus
 - plandaí táscacha;
- (i) feacht an phobail a mhúscailt maidir le bagairt na lotnaide sonraithe agus maidir leis na bearta arna nglacadh chun tabhairt isteach na lotnaide sin agus a leathadh laistigh de chríoch an Aontais a chosc, lena n-áirítear na coinníollacha maidir le gluaiseacht plandaí sonraithe, adhmaid shonraithe agus ábhair pacáistíochta adhmaid shonraithe ón limistéar críochaithe;

- (j) bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar aon sainiúlacht nó castacht a bhféadfaí coinne a bheith leis le réasún go gcuirfeadh sé cosc, bac nó moill ar dhíothú, go háirithe na bearta sin a bhaineann le hinrochtaineacht agus díothú leordhóthanach na bplandaí uile atá inmhíolaithe nó a bhfuil amhras ann go bhfuil siad inmhíolaithe, gan beann ar a suíomh, ar úinéireacht phoiblí nó phríobháideach ná ar an duine ná ar an eintiteas atá freagrach astu;
- (k) aon bheart eile a d'fhéadfadh cuidiú leis an lotnaid shonraithe a dhíothú, i gcomhréir le CIBF Uimh. 9 ⁽¹⁰⁾ agus cur chuige córas á chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in CIBF Uimh. 14 ⁽¹¹⁾.

Sna cásanna pointe (a), nuair nach féidir stumpaí agus fréamhacha dromchla atá fréamhaithe go domhain a bhaint, cuirfear sa talamh iad go pointe 40 cm ar a laghad faoi bhun leibhéal an dromchla, nó déanfar iad a chumhdach le hábhar feithid-díonach. I gcás inar aimsíodh na plandaí inmhíolaithe lasmuigh de thréimhse eiltite na lotnaide sonraithe, déanfar iad a leagan agus a bhaint roimh thús na chéad tréimhse eiltite eile.

2. Na suirbhéanna bliantúla oifigiúla laistigh de leithead 1 km ar a laghad timpeall ar na láithreacha táirgthe dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII, lch. 17.4 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, beidh siad bunaithe ar Threoirlínte ginearálta an Údaráis maidir le suirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fóna ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca agus, le dearadh na suirbhéanna agus an scéim samplála a úsáidtear, beifear in ann leibhéal láithreachta plandaí inmhíolaithe 1 % ar a laghad a shainaithint le leibhéal 99 % muiníne ar a laghad.

3. I gcás gluaiseacht adhmaid shonraithe agus ábhair pacáistíochta adhmaid shonraithe lasmuigh den limistéar críochaithe agus mura bhfuil aon saoráid cóireála nó próiseála ar fáil laistigh den limistéar críochaithe, aistreofar an t-adhmaid sonraithe nó an t-ábhar pacáistíochta adhmaid sonraithe faoi rialú oifigiúil, agus faoi dhálaí dúnta ar bhealach a áiríteoidh nach féidir leis an lotnaid shonraithe leathadh, go dtí an tsaoaráid oiriúnach is gaire lasmuigh den limistéar críochaithe, chun cóireáil nó próiseáil láithreach a áirithiú i gcomhréir le pointí 33-35 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.

Déanfaidh an t-údarás oifigiúil suirbhéanna bliantúla ag amanna iomchuí chun an lotnaid shonraithe a aimsiú trí chigireachtaí a dhéanamh ar phlandaí sonraithe, laistigh de leithead 1 km ar a laghad ón saoráid próiseála nó cóireála.

4. De mhaolú ar mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (b), i gcás ina dtagann údarás inniúil ar an gconclúid nach bhfuil an leagan iomchuí do líon teoranta plandaí aonair, mar gheall ar an luach sóisialta, cultúrtha nó comhshaoil ar leith atá acu, beidh na plandaí aonair sin faoi réir scrúdú aonair míosúil i leith aon chomhartha inmhíolaithe agus i leith bearta malartacha ar leagan lena n-áiríteofaí ardleibhéal cosanta chun cosc a chur ar leathadh féideartha na lotnaide sonraithe ó na plandaí sin.

Airteagal 10

Bearta díothaithe

1. I gcrios inmhíolaithe na limistéar críochaithe le haghaidh imshrianadh, mar a liostaítear in Iarscríbhinn I, déanfaidh na húdaráis inniúla na bearta seo a leanas:

- (a) plandaí inmhíolaithe agus plandaí a bhfuil siomptóim orthu arb í an lotnaid shonraithe is cúis leo a leagan, agus a bhfréamhacha a bhaint go hiomlán má fheictear gailearaithe larbhaí faoi bhun choiléar na bhfréamhacha ar an bplanda inmhíolaithe;
- (b) plandaí a leagadh i gcomhréir le pointe (a) agus a bhfréamhacha a bhaint, a scrúdú agus a dhiúscairt, agus gach réamhchúram is gá a dhéanamh chun leathadh na lotnaide sonraithe a sheachaint tar éis an leagain;
- (c) toirmeasc a chur ar aon ghluaiseacht plandaí, adhmaid agus ábhair pacáistíochta adhmaid a d'fhéadfadh a bheith inmhíolaithe amach as an limistéar críochaithe;
- (d) i gcás inarb iomchuí, plandaí neamh-shoghabhálacha eile a chur in ionad plandaí sonraithe;

⁽¹⁰⁾ *Guidelines for pest eradication programmes* — Caighdeán Tagartha CIBF Uimh. 9 de chuid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí, an Róimh. Arna bhfoilsiú an 15 Nollaig 2011.

⁽¹¹⁾ *The use of integrated measures in a systems approach for pest risk management* — Caighdeán Tagartha CIBF Uimh. 14 de chuid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí, an Róimh. Arna fhoilsiú an 8 Eanáir 2014.

- (e) toirmeasc a chur ar phlandaí sonraithe nua a bheith faoin aer sa chrios inmhiolaithe, seachas láithreacha táirgthe dá dtagraítear i bpointe 17.4 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 agus plandaí táscacha;
- (f) feasacht an phobail a ardú maidir le bagairt na lotnaide sonraithe agus maidir leis na bearta arna nglacadh chun tabhairt isteach na lotnaide sin agus a leathadh laistigh de chríoch an Aontais a chosc, lena n-áirítear na coinníollacha maidir le gluaiseacht plandaí sonraithe, adhmaid shonraithe agus ábhair pacáistíochta adhmaid sonraithe amach as an limistéar críochaithe arna bhunú de bhun Airteagal 5;
- (g) bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar aon sainiúlacht nó castacht a bhféadfaí coinne a bheith leis le réasún go gcuirfeadh sé cosc, bac nó moill ar imshrianadh, go háirithe na bearta sin a bhaineann le hinrochtaineacht agus leagan agus scriosadh leordhóthanach na bplandaí uile atá inmhiolaithe nó a bhfuil amhras ann go bhfuil siad inmhiolaithe, gan beann ar a suíomh, ar a n-úinéireacht ná ar an duine atá freagrach astu;
- (h) aon bheart eile a d'fhéadfadh cuidiú leis an lotnaid shonraithe a imshrianadh.

I gcás phointe (a), nuair nach féidir stumpaí agus fréamhacha dromchla atá fréamhaithe go domhain a bhaint, cuirfear sa talamh iad go pointe 40 cm ar a laghad faoi bhun leibhéil an dromchla, nó déanfar iad a chumhdach le hábhar feithid-díonach. Ba cheart tús a chur le gníomhaíochta leagtha láithreach, ach i gcásanna inar aimsíodh na plandaí inmhiolaithe lasmuigh de thréimhse eitlete na lotnaide sonraithe, déanfar an leagan agus an bhaint roimh thús na chéad thréimhse eitlete eile;

Na suirbhéanna bliantúla oifigiúla laistigh de leithead 1 km ar a laghad timpeall arna láithreacha táirgthe dá dtagraítear i bpointe 17.4 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, beidh siad bunaithe ar Threoirlínte ginearálta an Údaráis maidir le suirbhéanna ar lotnaidí plandaí atá fóna ó thaobh staidrimh de agus atá bunaithe ar riosca agus, le dearadh na suirbhéanna agus an scéim samplála a úsáidtear, beifear in ann leibhéil láithreacha plandaí inmhiolaithe 1 % ar a laghad a shainaithint le leibhéil 99 % muiníne ar a laghad.

2. I gcás gluaiseacht adhmaid shonraithe agus ábhair pacáistíochta adhmaid shonraithe lasmuigh den limistéar críochaithe agus mura bhfuil aon saoráid cóireála nó próiseála ar fáil laistigh den limistéar críochaithe, aistreofar an t-adhmaid sonraithe nó an t-ábhar pacáistíochta adhmaid sonraithe faoi rialú oifigiúil, agus faoi dhálaí dúnta ar bhealach a áiríteoidh nach féidir leis an lotnaid shonraithe leathadh, go dtí an tsaoráid is gaire lasmuigh den limistéar críochaithe, chun cóireáil nó próiseáil láithreach a áirithiú i gcomhréir le pointí 33-35 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.

Déanfaidh an t-údarás oifigiúil suirbhéanna bliantúla ag amanna iomchuí chun an lotnaid shonraithe a aimsiú trí chigireachtaí a dhéanamh ar phlandaí sonraithe, laistigh de leithead 1 km ar a laghad ón saoráid próiseála nó cóireála.

3. I gcás ina ndeimhnítear go hoifigiúil go bhfuil an lotnaid shonraithe ann sa chrios maolánach, beidh feidhm ag Airteagal 17 agus 18 de Rialachán (AE) 2016/2031.

CAIBIDIL V

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 11

Tuairisciú

Faoi 30 Aibreán gach bliain, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin agus na mBallstát eile ina luafar an méid seo a leanas:

- (a) na bearta a rinneadh i rith na bliana féilire roimhe sin de bhun an Rialacháin seo, agus maidir le torthaí na mbeart dá bhforáiltear in Airteagal 3 go 10;
- (b) an líon samplaí arna dtógáil i gcomhréir le hAirteagal 8(2);
- (c) na cúiseanna ar baineadh úsáid as an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 9(4), agus na bearta a glacadh mar thoradh air sin.

*Airteagal 12***Aisghairm Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1503**

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1503.

*Airteagal 13***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus 5(5)(b) agus Airteagal 8(3) ón 1 Eanáir 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh

1. An Iodáil

Uimhir Europhyt /Ainm an limistéir chríochaithe	Cuid den limistéar críochaithe (crios inmhiolaithe/maolánach)	Réigiún	Bardais nó teorannuithe riaracháin/geografacha eile
274/Campania	Crios inmhiolaithe	Campania	Críoch iomlán na mbardasachtaí seo a leanas: Afragola, Arzano, Bacoli, Brusciano, Calvizzano, Cardito, Casalnuovo di Napoli, Casavatore, Casoria, Castello di Cisterna, Cercola, Crispano, Frattamaggiore, Frattaminore, Grumo Nevano, Isola di Ischia , Marano, Mariglianella, Massa di Somma, Melito di Napoli, Monte di Procida, Mugnano di Napoli, Napoli, Ottaviano, Pollena Trocchia, Pomigliano D'Arco, Pozzuoli, Procida, San Giorgio a Cremano, San Giuseppe Vesuviano. Cuid de na bardais seo a leanas: Acerra, Angri, Aversa, Boscoreale, Boscorecase, Caivano, Castel Volturno, Cesa, Ercolano, Giugliano in Campania, Marigliano, Mondragone, Nola, Orta di Atella, Palma Campania, Poggiomarino, Pompei, Portici, Qualiano, Quarto, San Gennaro Vesuviano, San Marzano Sul Sarno.
